

3 Cuntasaíocht vótaí agus bainistíocht buiséid

- 3.1** Faigheann ranna agus oifigí rialtais maoiniú bliantúil ón Státchiste chun a bhfeidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh. Déantar foráil do chaiteachas faoi 'vótaí' atá ceadaithe ag Dáil Éireann, agus clúdaíonn ceann amháin nó níos mó feidhmeanna gach roinne nó oifige. Tugtar éifeacht dhlíthiúil deiridh do na vótaí san Acht Leithreasa bliantúil.
- 3.2** Ceaptar ceann gach roinne nó oifige mar an 'oifigeach cuntasaíochta' don vóta(i) ábhartha, agus tá oibleagáid reachtúil air/uirthi cuntas leithreasa bliantúil a ullmhú do gach seirbhís vótáilte ábhartha, ag taispeáint conas a chuaigh an olltoradh don bhliain i gcomparáid leis an méid a sholáthraíonn Dáil Éireann. Tá na cuntais seo faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.
- 3.3** Rinne an tAcht Leithreasa 2023 foráil do chaiteachas ar sheirbhísí vótáilte (leithreasuithe) arbh fhiú €82.9 billiún iad. Bhí sé seo le maoiniú trí €79.9 billiún a eisiúint chuig vótaí ó Lárchiste an Státchiste (dá ngairtear deontais soláthair), agus trí úsáid a bhaint as fáltas áirithe vóta ionchais (dá ngairtear leithreasaí i gcabhair) de €3 billiún. Ina theannta sin, tugadh maoiniú caipitil neamhúsáidte arbh fhiú €687.2 milliún san iomlán é anonn ó 2022 le haghaidh caiteachais in 2023, rud a thug an maoiniú iomlán vótaí a bhí ar fáil go €83.6 billiún¹

Athruithe ar struchtúr na vótaí in 2023


- 3.4** Féadfaidh struchtúr ranna rialtais agus vótaí athrú ó bhliain go bliain chun leithdháileadh feidhmeanna airí aonair, cruthú ranna nua nó cumaisc ranna a léiriú. Tarlaíonn na hathruithe seo go ginearálta sa tréimhse díreach tar éis olltoghcháin, ach féadfaidh an Taoiseach iad a thionscnamh ag aon am eile le linn a théarma/a téarma. Tharla dhá athrú shuntasacha in 2023.
- Bunaíodh an Coimisiún Toghcháin (Vóta 23) an 9 Feabhra 2023 mar chomhlacht neamhspleách a thuairiscíonn go díreach don Oireachtas.
 - Bunaíodh Tailte Éireann (Vóta 16) an 1 Márta 2023 mar ghníomhaireacht neamhspleách rialtais faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht. Bunaíodh an ghníomhaireacht trí chumasc na hOifige Luachála (Vóta 16 roimhe seo), an Údaráis Clárúcháin Maoine (Vóta 23 roimhe seo) agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann.

Torthaí iniúchtaí 2023 ar chuntais leithreasa

- 3.5** Tá iniúchtaí ar chuntais leithreasa 2023 do na vótaí go léir curtha i gcrích. Tá gach cuntas, mar aon leis an tuarascáil iniúchóireachta ghaolmhar, á chur faoi bhráid Dháil Éireann leis an tuarascáil seo.

¹ Agus meastacháin agus tuarascálacha á gcur i láthair maidir le caiteachas a vótáladh, áirítear go ginearálta leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe an Ciste Árachais Shóisialaigh agus an Ciste Náisiúnta Oiliúna mar ollchaiteachas iomlán vótáilte. Ní leithreasuithe vótála iad seo, ach measann an Roinn go dtugann a gcuid léargas níos iomláine ar chaiteachas iomlán an Rialtais.

Fíor 3.1 Seicheamh agus uainiú phróiseas meastachán 2023^a



Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Nóta: a Tá tuilleadh sonraí ar phróiseas na meastachán agus an chuntais leithreasa leagtha amach sna Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí, arna bhfoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Timthriall bliantúil caiteachais vótáilte

- 3.6** Ba cheart go mbeadh na meastacháin caiteachais a chuirtear faoi bhráid na Dála lena gceadú in iúl go réasúnach don mhéid a mbeifí ag súil leis a chaitheamh ar gach seirbhís roinne. Feidhmíonn siad freisin go héifeachtach mar theorainneacha airgid tirim.
- 3.7** Más rud é, de réir mar a théann an bhliain ar aghaidh, go bhfuil gá le coigeartuithe móra maoinithe tar éis don Dáil na meastacháin a cheadú, ní mór faomhadh foirmiúil a lorg ón Dáil do na coigeartuithe sin. Déantar é seo tríd an bpróiseas meastachán forlíontach (féach Fíor 3.1). Féadfar an próiseas seo a úsáid freisin chun cistí a aistriú idir cláir agus fo-chinn, más gá. Pléitear sonraí faoi mheastacháin fhorlíontacha a iarrtar ag coistí earnála ábhartha na Dála (go hiondúil sa ráithe deiridh den bhliain) sula n-iarrtar formheas ón Dáil féin.

Forbairt na meastachán vótaí in 2023

- 3.8** Foráladh an *Meastacháin Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2023*, a foilsíodh i mí na Nollag 2022, do ghlanmhaoiniú iomlán de bheagnach €74.3 billiún thar 45 vóta. Rinneadh athbhreithniú air seo roinnt uaireanta ina dhiaidh sin.
- 3.9** In 2023, cuireadh ‘meastachán athbhreithnithe breise’ do na seirbhísí vótála seo a leanas ar fáil¹
- An Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe
 - Tailte Éireann
 - An Coimisiún Toghcháin
 - Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht
 - Sláinte
 - Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige
 - An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Mar thoradh air seo tháinig méadú €40 milliún ar an nglanmhéid a ceadaíodh le haghaidh caiteachais.

- 3.10** Chuir meastacháin fhorlíontacha ceadaithe €5.5 billiún breise ar fáil, rud a d’fhág go raibh soláthar comhiomlán de €79.9 billiún (glan) do sheirbhísí vótáilte in 2023.

Leithreasaí

- 3.11** Tá achoimre ar na méideanna a leithreasaíodh in 2023 le haghaidh seirbhísí poiblí vótáilte san áireamh in Iarscríbhinn 3A (Fíor 3A.1). Taispeántar freisin an olltoradh na bliana, mar aon leis na barrachais leithreasaí thar chaiteachas.

¹ I gcás fhormhór na vótaí, leantar timthriall caighdeánach na meastachán. Mar sin féin, is féidir meastachán athbhreithnithe breise a bheith foilsithe ag vótaí nuair a chomhaontaítear athruithe ar a mbuiséid sa tréimhse idir na meastacháin athbhreithnithe agus formheas na Dála.


Cuntais a chur isteach go luath go deonach

- 3.12** Is é an spriocdháta reachtúil chun cuntais leithreasa a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh ná an 31 Márta sa bhliain i ndiaidh na bliana cuntais. Ar mhaithe leis an bpróiseas cuntasafóchta vótaí a thabhairt chun críche níos luaithe, d'iarr an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe (An Roinn Caiteachais Phoiblí) ar shealbhóirí vótaí le leithreasaí vótáilte níos lú ná €100 milliún in 2023 a gcuntais leithreasaithe a chur isteach, ar bhonn deonach, faoin 11 Márta 2024.
- 3.13** As 22 roinn agus oifig le leithreasaí níos lú ná €100 milliún, chuir 11 a gcuntais isteach faoin 11 Márta 2024, agus chuir ceithre chuntas eile isteach faoin 15 Márta 2024. Chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí isteach freisin an cuntas do Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scortha, le leithreasaí de €828 milliún, faoin 11 Márta 2024.
- 3.14** Bhí an cuntas leithreasa deimhnithe ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ag tromlach (13) na ranna agus na n-oifigí a chuir a gcuntais isteach go luath gan gá go n-éireodh an cuntas as an Oifigeach Cuntasafóchta.¹ (Ceanglaíodh ar ranna agus oifigí le leithreasaí níos lú ná €100 milliún nár chuir a gcuntais isteach go luath na cúiseanna a mhíniú d'Aonad Cuntasafóchta an Rialtais sa Roinn Caiteachais Phoiblí.)

Olltoradh vóta

- 3.15** Ba é an méid iomlán a chaith ranna agus oifigí in 2023 ná €81.8 billiún (féach Fíor 3.2). Tar éis leithreasaí i gcabhair réadaithe arbh fhiú €3.2 billiún san iomlán iad a asbhaint, ba é an glanchaiteachas sa bhliain ná €78.6 billiún.

Fíor 3.2 Olltoradh caiteachas vótáilte, 2014 – 2023




¹ Ceanglaítear ar an Oifigeach Cuntasafóchta an cuntas leithreasa agus réamhrá/ ráiteas ar leith maidir le rialú inmheánach airgeadais a shíniú agus dáta a thabhairt dó. D'fhéadfadh athshíniú an chuntais leithreasa agus/nó an ráitis a bheith mar thoradh ar athruithe ar chuntas a eascraíonn as an bpróiseas iniúchta.

Foinse: Cuntais Leithreasa, 2014 go 2023. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Bainistiú barrachais vótaí

- 3.16** Ní cheadaítear do ranna ná d'oifigí níos mó ná an méid a leithreasaítear do gach vóta a chaitheamh. Nuair is lú an glanchaiteachas sa bhliain ná an méid a sholáthraítear, dlífean an barrachas a thabhairt suas don Stáitchiste. Is féidir maoiniú áirithe a thabhairt anonn go dtí an bhliain ina dhiaidh sin má cheadaítear é san Acht Leithreasa don bhliain chuntais, agus má cheadaíonn an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe é faoi fhorálacha alt 91 den Acht Airgeadais 2004.
- 3.17** Taifeadadh barrachais le gach vóta in 2023. B'ionann barrachais 2023 agus €1,894 milliún (féach Fíor 3.3). Den mhéid sin, faomhadh €519 milliún san iomlán le tabhairt anonn go dtí 2024. Bhí an t-iarhmhéid de €1,375 milliún dlíte le tabhairt suas. Nochtar sna nótaí do na cuntais leithreasa ábhartha na cúiseanna atá leis an tearc-chaiteachas a thaifeadtar le gach vóta.

Fíor 3.3 Leithreasaí barrachais, 2014 – 2023




Foinse: Cuntais Leithreasa, 2014 go 2023. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Athraitheas buiséid


- 3.18** Is ionann na meastacháin a d'fhaomh Dáil Éireann do 2023 agus na méideanna measta a theastaíonn chun íoc as costas na seirbhísí a sholáthrófar ó gach vóta, agus leithreasaí i gcabhair a thuar. Is ionann an t-athraitheas buiséid agus an difríocht idir na meastacháin seo ar ghlancaiteachas agus an olltoradh iarbhrí i mbliain.¹ In 2023, bhí an glanchaiteachas €3.6 billiún níos mó ná an réamhaisnéis bhunaidh (féach Fíor 3.4).
- 3.19** I gcás 17 vóta, bhí an glanchaiteachas níos airde ná an meastachán bunaidh. Leagann Fíor 3.5 amach an t-athraitheas comhréireach idir caiteachas iarbhrí agus an meastachán bunaidh in 2023, do na vótaí sin a bhfuil éagsúlacht níos mó ná (+/-)10% acu.

¹ Tá foráil reachtúil ann chun go bhféadfar leithdháiltí caipitil nár caitheadh a thabhairt anonn go dtí an bhliain dár gcionn lena n-úsáid chun na críche céanna, le comhaontú ón Roinn Caiteachais Phoiblí. Sa tuarascáil seo, caitear le méideanna tugtha anonn mar chuid de na leithreasaí bliantúla (na bliana ina dhiaidh sin).

Fíor 3.4 Athraitheas glanchaitheachais ón mbuiséad, gach vóta, 2014 – 2023


Foinse: Cuntais Leithreasa, 2014 go 2023. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Fíor 3.5 Roghnaíodh vótaí 2023 mar gheall ar ghlanathraitheas caiteachais, mar chomhréir den bhuiséad bunaidh



Foinse: Cuntais Leithreasa 2023. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Athraitheas buiséid i Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid

- 3.20** Bhí an róchaiteachas céatadán ba mhó ag Vóta 29 Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid, ag 85% (2022: 157%) i gcomparáid lena mheastachán bunaidh. Tharla sé seo go príomha mar gheall ar bhearta éigeandála leanúnacha a tugadh isteach mar fhreagra ar ardú praghsanna fuinnimh. Níor cuireadh costas na gcreidmheasanna leictreachais a cuireadh i bhfeidhm ar chuntais intíre de €926 milliún (2022: 1.588 billiún) san áireamh sa mheastachán bunaidh ach soláthraíodh é trí mheastacháin fhorlíontacha.
- 3.21** As an gcaiteachas €926 milliún a tabhaíodh ar na scéimeanna sochair éigeandála costais leictreachais in 2023, bhain €611 milliún le creidmheasanna leictreachais a cuireadh i bhfeidhm ar chuntais intíre in 2024. Taifeadtar an méid seo mar réamhíocaíocht agus nochtar é sa ráiteas staid airgeadais sa chuntas leithreasa ábhartha.

Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí (Vóta 32)

- 3.22** Bhí barrachas de €616.9 milliún — 37% den leithreasú iomlán — ar Vóta 32 Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht. As an mbarrachas seo, tugadh €20 milliún anonn go dtí 2024, agus géilleadh an t-iarhmhéid €596.9 milliún. Ba í seo an dara bliain as a chéile nuair a bhí barrachas suntasach ar an vóta seo — b'ionann géilleadh 2022 agus €715 milliún.
- 3.23** Tugadh isteach an Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí (SSTFG) i Meán Fómhair 2022 mar chuid de shraith beart chun dul i ngleic le costais mhéadaithe fuinnimh.¹ Foráladh do mheastachán forlíontach de €650 milliún i mí na Nollag 2022 chun an costas a íoc. Mar sin féin, ní raibh san olltoradh ar an bhfo-cheann in 2022 ach €5.5 milliún.
- 3.24** Bhí an SSTFG le dul in éag ar dtús an 28 Feabhra 2023. Tar éis measúnú a rinne an Roinn Airgeadais, leathnaíodh agus feabhsaíodh an scéim le linn 2023 ar roinnt bealaí
- síneadh tréimhse éilimh na scéime go dtí an 31 Iúil 2023.
 - laghdaíodh an tairseach incháilitheachta do mhéaduithe ar chostais fuinnimh a tabhaíodh ó 50% go 30%, le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2022.
 - méadaíodh méid na híocaíochta ó 40% go 50% de chostais incháilithe gnó ó 1 Márta 2023.
 - méadaíodh an teorainn mhíosúil ar íocaíochtaí do thréimhsí éilimh ón 1 Márta 2023 ar aghaidh ó €10,000 go €15,000 in aghaidh an ghnó.
 - síneadh an teorainn ama chun éileamh a chur isteach go dtí an 30 Meán Fómhair 2023.
- 3.25** In ainneoin na bhfeabhsuithe seo, níor caitheadh ach €151 milliún faoin SSTFG in 2023, €498 milliún níos lú ná mar a leithdháileadh ar dtús don scéim i meastachán 2023. Tá sé ráite ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta gur ullmhaíodh buiséad 2023 i gcomhar leis an Roinn Airgeadais agus leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. Bhí sé ag brath ar an gcás ba mheasa a rabhthas ag súil leis maidir le harduithe agus tomhaltas praghsanna mórdhíola fuinnimh, rud nár tharla.

¹ De réir an Achta Airgeadais 2022, bhí an tAire Airgeadais, i gcomhairle leis an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, freagrach as bainistiú agus monatóireacht a dhéanamh ar SSTFG. Ba iad na Coimisinéirí Ioncaim a riar an scéim.

Tacaíocht do thomhaltas ceirisín

- 3.26** Chomh maith leis sin ag eascairt as an athbheithniú ar an SSTFG, chomhaontaigh an Rialtas go scrúdódh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta roghanna chun scéim ar leith a thabhairt isteach do ghnólachtaí atá ag brath ar cheirisín dá bhfoinsí teasa.
- 3.27** Bhí an Scéim Tacaíochta Ceirisín d'Úsáideoirí Gnó (STCÚG) siarghabhálach agus sholáthair sí íocaíochtaí chun leath de chostas méadaithe ceirisín a ceannaíodh idir Márta agus Nollaig 2022 a aisíoc le gnólachtaí incháilithe. Bhí an tréimhse éilimh níos lú ná dhá mhí agus dúnadh í ar 31 Deireadh Fómhair 2023. Measadh go mbeadh costas iomlán íocaíochtaí STCÚG idir €3.3 milliún agus €16.6 milliún, ach bhí an scéim seo tearc-shuibscríofa go suntasach freisin.
- 3.28** Caitheadh €1.3 milliún faoin STCÚG. Caitheadh níos mó ná leath den chaiteachas — díreach os cionn €733,000 — ar chostais riaracháin. Caitheadh díreach faoi bhun €612,000 ar thairbhíthe scéim STCÚG.


Fáltais ceadúnais teilifíse (Vóta 30)

- 3.29** Is é An Post an comhlacht ainmnithe, faoin Acht Craolacháin 2009, a eisíonn ceadúnais teilifíse (teilifís) agus a bhailíonn táillí ceadúnais thar ceann na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Cosnaíonn ceadúnas teilifíse €160 in aghaidh na bliana. Ceanglaítear ceadúnas teilifíse bailí a bheith ag gach áitreabh (cónaithe nó gnó) ina bhfuil gléas atá in ann comhartha teilifíse a fháil.
- 3.30** Taifeadtar fáltais ó dhíolachán ceadúnas teilifíse, mar aon le méideanna a fuarthas ón Roinn Coimirce Sóisialaí i leith ceadúnas teilifíse fóirdheonaithe, mar leithreasáí i gcabhair i gcuntas leithreasaithe Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán Vóta 33.¹
- 3.31** Bhí ceadúnas teilifíse bailí i bhfeidhm in 2023 ag díreach faoi bhun 83% den áitreabh cheadúnaithe measta iomlán, laghdú suntasach ó 88% in 2022. Ina theannta sin, tá laghdú tagtha ar líon measta na n-áitreabh cheadúnaithe in Éirinn ó 2017.² B'ionann ioncam ceadúnais teilifíse agus €201 milliún in 2023, laghdú €20 milliún nó 9% ón ioncam a bailíodh in 2022 (féach Fíor 3.6).
- 3.32** Íoctar maoiniú vótála atá comhionann le thart ar 85% den ollioncam a ghineann an ceadúnas teilifíse le RTÉ chun a thiomantais craolacháin seirbhíse poiblí a chomhlíonadh. Íoctar maoiniú vótála atá comhionann le 7% de na hollfháltais le Coimisiún na Meán don Chiste Craolacháin. Íoctar coimisiún le An Post bunaithe ar líon na gceadúnas a eisíonn sé laistigh de bhliain.
- 3.33** Tar éis an laghdaithe ar ioncam ó cheadúnais teilifíse, cuireadh maoiniú breise de €16 milliún ar fáil do RTÉ i mí na Nollag 2023 mar mheastachán forlíontach.

1 Íocann An Roinn Coimirce Sóisialaí ranníocaíocht bhliantúil le Vóta 33 i leith ceadúnais teilifíse 'saolré saor in aisce' eisithe chuig faighteoirí incháilithe an Phacáiste Sochair Teaghlaigh.

2 Faightear figiúirí measta na n-áitreabh incheadúnaithe trí roinnt foinsí a thiomsú, lena n-áirítear sonraí tithíochta ón Daonáireamh, sonraí tithíochta na Príomh-Oifige Staidrimh le haghaidh foirgneamh nua agus sonraí gnó ó *Thuarascáil Bhliantúil* na gCoimisinéirí Ioncaim, chomh maith le sonraí TAM Nielsen maidir le rátaí treá tacair teilifíse.

Fíor 3.6 Ioncam ó tháillí ceadúnais teilifíse agus áitribh cheadúnaithe mheasta, 2014 – 2023



Foinse: An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Fáltais Státchiste

- 3.34** Tá gach fáltas ó ranna agus oifigí an rialtais láir faoi dhliteanas a thaisceadh leis an Státchiste, mura gcinneann Dáil Éireann mar chuid den phróiseas meastachán go bhféadfar iad a chur i bhfeidhm mar leithreasaí i gcabhair de vótaí sonracha.
- 3.35** I measc samplaí d'fháltais nach gcaitear leo mar leithreasaí i gcabhair tá fáltas na hÉireann ó Chóras an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí, táillí Tailte Éireann, an Coimisiún um Chosaint Sonraí agus fáltas fineála cúirteanna. Aistrítear iad seo chuig an Lárchiste, agus tagraítear dóibh mar fháltais 'bhreise' ón Státchiste. De ghnáth tugtar fáltas amhantair chun cuntais ar an mbealach seo freisin, lena n-áirítear fáltas ó dhíolacháin shuntasacha maoine, fáltas ar scór ioncam barrachais nó brabúis ó chuideachtaí Stáit, ús, díbhinní nó aisíocaíochtaí caipitil agus cúiteamh.
- 3.36** Taispeántar fáltas bhreise ón Státchiste a réadaíodh in 2023 sna nótaí chuig na cuntais leithreasa ábhartha. B'ionann fáltas bhreise an Státchiste a thaifead ranna agus oifigí in 2023 agus €424 milliún (2022: €394 milliún). Socraítear méid comhiomlán na bhfáltas sin a thuairiscítear i ngach cuntas amach in larscribhinn 3A (Fíor 3A.3).

Déileáil chuntasaíochta le hairleacain áirithe chuig Oifig na nOibreacha Poiblí

Críochfort Europort 7 a fhorbairt

- 3.37** Tá Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) ag bainistiú tógáil post rialaithe teorann nua (Críochfort 7) a sholáthróidh bonneagar buan riachtanach ag Europort Ros Láir chun custaim iar-Bhreathimeacht, sláintíochta agus fíteashláintíochta, agus rialuithe oifigiúla trádála bia a éascú. Úsáidfear na háiseanna chun freastal ar sheirbhísí atá á n-oibriú ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, na Coimisinéirí Ioncaim agus an Garda Síochána.

- 3.38** Táthar ag súil go ndéanfar cuid den chostas a bhaineann le forbairt Chríochfort 7 a chúiteamh trí mhaoiniú ón gCúlchiste Coigeartaithe Brexit. Is ciste é seo a chuir Coimisiún an AE i bhfeidhm chun tacaíocht a sholáthar do na Ballstáit chun tionchair Brexit a mhaolú.¹
- 3.39** Cuireadh tús leis na príomhoibreacha ar Chríochfort 7 in 2023 agus tá sé beartaithe iad a bheith críochnaithe faoi fhómhar 2025. Is é €236 milliún buiséad foriomlán an tionscadail ceadaithe, lena n-áirítear CBL agus teagmhas. Cé go bhfuil an OPW ag bainistiú an tionscadail tógála, tá costais na forbartha á n-íoc ar bhonn pro rata ag Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Vóta 20 An Garda Síochána, Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, bunaithe ar scaireanna áitíochta ionchais na n-áiseanna. Is socrú caighdeánach é don OPW gníomhú mar ghníomhaire do ranna agus oifigí eile (na príomhaithe) chun cóiríocht a theastaíonn uathu a sholáthar. Rinneadh socrúithe comhchosúla gníomhaireachta/príomha leis an OPW do thionscadail Brexit eile níos luaithe ag Ros Láir/Cill Ruáin, Calafort Bhaile Átha Cliath agus Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Airleacain chuig an OPW

- 3.40** Le linn iniúchtaí ar chuntais leithreasa 2023, thug mé faoi deara muirir arbh fhiú €132.7 milliún san iomlán iad i gcuntais Vóta 9, Vóta 20 agus Vóta 30 i leith thionscadal Chríochfort 7.
- 3.41** In 2023, d'iarr an OPW maoiniú €132.7 milliún as na trí vóta chun freastal ar chostais thionscadal Chríochfort 7 de réir mar a tháinig siad chun cinn. Mar is gnáthchleachtas, coinnítear na cistí ar leithligh mar chistí 'cliaint', agus tugann an OPW cuntas orthu trí chuntais fionraí.
- 3.42** Dheimhnigh an OPW d'Oifigigh Chuntasaíochta na dtrí Vóta lena mbaineann go raibh €51 milliún san iomlán eisíochta ar thionscadal Chríochfort 7 faoin 31 Nollaig 2023 (féach Fíor 3.7). Amhail an dáta sin, ní raibh an €81.7 milliún eile eisíochta ag an OPW ar chostais tionscadail Chríochfort 7, agus d'fhan sé mar iarmhéideanna creidmheasa i bhfabhar na dtrí Vóta sna cuntais fionraí faoi seach.

Fíor 3.7 Idirbhearta vótaí agus iarmhéideanna do thionscadal Chríochfort 7, 2023

Vóta	Airleacain chuig an OPW	Méid deimhnithe mar mhéid eisíochta	Iarmhéideanna creidmheasa an 31 Nollaig 2023
	€m	€m	€m
9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncam	51.3	20.0	31.3
20 An Garda Síochána	17.5	6.6	10.9
30 Talmhaíocht, Bia agus Cúrsaí Mara	63.9	24.4	39.5
Iomlán	132.7	51.0	81.7

Foinse: Cuntais Leithreasa 2023. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

¹ Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhíse Poiblí 2023, caibidil 1, Tá tuilleadh faisnéise ar Chúlchiste Coigeartaithe Brexit in olltoradh airgeadais an Státchiste do 2023.

Déileáil chuntasaíochta fhorordaithe ar íocaíochtaí agus airleacain

- 3.43** Tá prionsabail chuntasaíochta an rialtais leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, agus treoir maidir leis an gcaoi a gcuirfear i bhfeidhm iad, san *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí*. Ina theannta sin, foilsíonn an Roinn ciorclán gach bliain ar na beartais agus na prionsabail chuntasaíochta atá le leanúint ag Oifigigh Chuntasaíochta agus na cuntais leithreasa á n-ullmhú.
- 3.44** Leagtar amach in Alt C5 den *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí* gur cheart déileáil le híocaíochtaí i gcuntais leithreasa ar an mbonn seo a leanas.

Ní mór nósanna imeachta íocaíochta a thionscnamh i gcás inar tabhaíodh dliteanas agus nuair a bhíonn íocaíocht dlite (aibithe), fiú amháin i mbaol vóta barrachais a thabhtú. Ní mór nósanna imeachta íocaíochta a thionscnamh i gcás nach bhfuil dliteanas aibí le haghaidh íocaíochta. I gcás earraí agus seirbhísí, tá íocaíocht dlite nuair a chuirtear na hearraí nó na seirbhísí ar fáil go sásúil agus nuair a bheidh a gcuntas curtha isteach ag an soláthraí...

[Alt C5.3 – le béim bhunaidh]

Chun sláine an chuntais leithreasa a áirithiú, ba cheart gach íocaíocht chuí (ie dliteanais aibithe) a shocrú ag deireadh na bliana agus níor cheart íocaíochtaí nach bhfuil aibí a thabhairt ar aghaidh isteach sa tréimhse chuntasaíochta reatha. [Alt C5.7]

- 3.45** Bunaithe ar an bprionsabal sin, maíonn *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí*, i gcás inar gá cistí a airleacan chuig gníomhaire chun íocaíochtaí atá dlite a íoc, gurb é an méid a ghearrtar ar chuntas leithreasaithe an phríomhaí ná an méid a dheimhníonn an gníomhaire a bheith eisíochta iarbhrí aige i mbliain an chuntais. Is ionann aon iarmhéid neamhchaite a shealbhaíonn an gníomhaire ag deireadh na bliana agus sócmhainn sa ráiteas staide airgeadais a ghabhann le cuntas leithreasaithe an phríomhaí.
- 3.46** Sonraítear i gCiorclán 22/2023 *Ceanglais maidir le Cuntais Leithreasa 2023* arna eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí i mí na Nollag 2023 i leith íocaíochtaí i gcuntais leithreasa 2023 a aithint

Is éard atá sna híocaíochtaí na suimeanna sin a tháinig chun bheith íochta i rith na bliana. Meastar gur tháinig suimeanna le linn íocaíochta nuair a tabhaíodh an dliteanas, go bhfuil íocaíocht dlite agus go bhfuil an treoir don íocaíocht curtha i gcrích...

I gcásanna ina n-éilíonn an gníomhaire ar an bpríomhaí réamh-mhaoiniú a sholáthar chun go bhféadfar íocaíocht a dhéanamh, níor cheart ach méideanna a dheimhníonn an gníomhaire a bheith eisíochta aige sa bhliain chuntais a mhuirearú ar chuntas leithreasaithe an phríomhaí.

- 3.47** Thug mé faoi deara nár comhlíonadh an beartas cuntasaíochta maidir leis na méideanna nár dheimhnigh an OPW mar mhéideanna a eisíodadh i leith thionscadal Chríochfort 7 ie €81.7 milliún san iomlán. Thug mé faoi deara gur cloíodh leis an mbeartas maidir le hairleacain ghníomhaireachtaí eile chuig an OPW a rinneadh leis na vótaí faoi seach in 2023.

- 3.48** Bunaithe ar an méid sin roimhe seo, d'ardaigh mé an inní a bhí orm leis na hOifigigh Chuntasaíochta faoi seach nach íocaíochtaí críochnaitheacha iad na méideanna arbh fhiú €81.7 milliún san iomlán iad thar na trí Vóta agus mar sin nach raibh siad inmhuirearaithe i gceart ar chuntais leithreasa 2023 agus gur cheart cuntas a thabhairt orthu ina ionad sin mar iarmhéideanna a airleacan chuig an OPW.
- 3.49** Mhínigh na freagraí a fuair mé ó na hOifigigh Chuntasaíochta gur chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí in iúl dóibh go raibh na híocaíochtaí cuí le cur san áireamh i gcuntais 2023, agus go ndearna an Roinn tagairt do na ceanglais agus na socruithe sonracha a bhí i bhfeidhm maidir le Cúlchiste Coigeartaithe Brexit, agus na coinníollacha a shonraigh Coimisiún an AE maidir le hincháilitheacht éileamh ar chúiteamh.
- 3.50** I mo thuairimse, is ábhar ar leith iad na coinníollacha incháilitheachta maoinithe atá leagtha síos ag Coimisiún an AE maidir le cibé an muirir chuif iad aistrithe cistí chuig an OPW faoi na beartais chuntasaíochta do na cuntais leithreasa atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí.

Cinneadh an Aire Caiteachais Phoiblí

- 3.51** In imthosca ina bhfuilim den tuairim nach bhfuil idirbheart a taifeadadh i gcuntas leithreasa inmhuirearaithe go cuí ar an gcuntas, agus nach gcomhlíonann na mínithe a fuarthas mo inní, ceanglaítear orm faoi alt 3(2) den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 an t-ábhar a tharchur chuig an Aire Caiteachais Phoiblí Seachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe (an tAire Caiteachais Phoiblí) a gceanglaítear air a chinneadh conas a thabharfar cuntas ar an idirbheart.
- 3.52** Dá réir sin, chuir mé an t-ábhar faoi bhráid an Aire Caiteachais Phoiblí. Mar fhreagra air sin, maígh an tAire, de bhun teorach ó Choimisiún an AE, nach mór caiteachas i leith tionscadal Brexit a bheith íoctha agus tabhaithe ag údaráis phoiblí faoin 31 Nollaig 2023 le héileamh faoin gCúlchiste Coigeartaithe Brexit. Dúirt sé gur chruthaigh an spriocdháta seo an dliteanas aibithe ábhartha, agus go gcaithfidh vótaí na dliteanais sin a urramú. Dúirt sé gur iarr an OPW íocaíochtaí de €132.7 milliún san iomlán do na hoibreacha ábhartha, agus go raibh na híocaíochtaí cuí déanta ag na Vótaí atá i gceist. Ar an mbonn sin, chinn an tAire go raibh na cistí a íocadh leis an OPW in 2023 oiriúnach lena gcur san áireamh i gcuntais leithreasa 2023.
- 3.53** I bhfianaise chinneadh an Aire mar a fhoráiltear le dlí, rinneadh muirir sna Vótaí faoi seach don bhliain chuntais 2023 de na hiarmhéideanna nár caitheadh.

Tuarascáil faoi alt 3 (2) (b) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993


- 3.54** Mar iniúchóir na gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm le halt 3(10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 tuairisc a thabhairt, *inter alia*, ar chruinneas na n-íocaíochtaí a taifeadadh sna cuntais leithreasa. Chun na críche sin, cuirim mo thuairim in iúl i leith gach cuntais i dtaobh an dtugann sé i gceart fáлтаis agus caiteachas na vótála don bhliain chuntais, agus atá ullmhaithe san fhoirm a fhorordóidh an tAire Caiteachais Phoiblí.

- 3.55** Chun cuntasacht pharlaiminteach chuí a éascú, ní mór d'úsáideoirí na cuntais leithreasa iniúchta a bheith iontaofa, comhsheasmhach agus intuigthe go soiléir. Baintear é seo amach trí shraith shoiléir rialacha cuntasáíochta a chuirtear i bhfeidhm go comhsheasmhach laistigh de chuntais leithreasa agus trasna orthu. I gcás ina dtagann aon imeacht ó na gnáthbheartais chun cinn, ba cheart iad a nochtadh agus a mhíniú go soiléir.
- 3.56** I bhfianaise na himeachta suntasacha ó na prionsabail atá leagtha amach in *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí* agus ó na beartais chaighdeánacha chuntasáíochta do chuntais leithreasa i leith na muirear arb ionann iad agus €81.7 milliún san iomlán, measaim gur cuí an t-ábhar seo a tharraingt ar aird Dháil Éireann.

Anailís treochtaí soláthair neamhchomhlíontach

- 3.57** Ceanglaítear ar gach roinn agus oifig a chinntiú go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirínte soláthair phoiblí ábhartha. Nochtar cásanna soláthair neamhchomhlíontacha (os cionn €25,000) sa ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach i ngach cuntas leithreasa. Tagraítear freisin do chaiteachas suntasach neamhchomhlíontach sa deimhniú iniúchóireachta.
- 3.58** Lean luach an tsoláthair neamhchomhlíontach a tuairiscíodh thar na vótaí go léir ar aghaidh ag treocht aníos thar an tréimhse 2018 – 2022. Mar sin féin, tháinig laghdú 33% air ó €209.6 milliún in 2022 go €139.7 milliún in 2023 (Fíor 3.8).

Fíor 3.8 Soláthar neamhchomhlíontach 2018 – 2023




Foinse: Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais, Cuntais Leithreasa 2018 – 2023

- 3.59** Tá an méadú suntasach ó 2020 ar aghaidh á thiomáint den chuid is mó ag luach an tsoláthair neamhchomhlíontaigh arna thuairisciú ag Vóta 37 Coimirce Sóisialaí agus Vóta 40 Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Comhtháthú agus Óige. Is ionann an dá vóta seo le chéile agus 70% den chaiteachas soláthair neamhchomhlíontach thar na vótaí go léir in 2023 (2022: 77%).

- 3.60** Baineann luach an tsoláthair neamhchomhlíontaigh a thuairiscigh Vóta 37 go príomha le síneadh na gconarthaí le haghaidh seirbhísí fostaíochta. Dúirt an Roinn Coimirce Sóisialaí gur cuireadh moill ar rialacht na seirbhísí sin le linn na paidéime ach go bhfuil conarthaí faighte anois agus go bhfuil siad i bhfeidhm do gach seirbhís fostaíochta. Tá laghdú suntasach tagtha ar sholáthar neamhchomhlíontach a thuairiscigh an Roinn ó €49.8 milliún in 2022 go €12.9 milliún in 2023.
- 3.61** Baineann ardluach an tsoláthair neamhchomhlíontaigh a thuairiscigh Vóta 40 go príomha le conarthaí a dhéantar chun seirbhísí cóiríochta cosanta idirnáisiúnta a sholáthar. Tá laghdú 24% tagtha ar luach an tsoláthair neamhchomhlíontach ó 2022 (€111.6 milliún) go 2023 (€84.9 milliún), agus mhéadaigh an caiteachas iomlán a tuairiscíodh ar chóiríocht agus ar sheirbhísí gaolmhara ó €367 milliún in 2022 go €655 milliún in 2023.
- 3.62** Cuirtear na vótaí atá fágtha le caiteachas neamhchomhlíontach de €5 milliún nó níos mó in 2023 i láthair i bhFíor 3.9. Nochtar tuilleadh sonraí maidir le soláthar neamhchomhlíontach do gach vóta sa ráiteas maidir le rialú airgeadais inmheánach an chuntais leithreasa ábhartha.

Fíor 3.9 Vótaí le caiteachas neamhchomhlíontach de €5 milliún nó níos mó in 2023^a



Foinse: Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais, Cuntais Leithreasa 2018 – 2023

Nóta: a Folaíonn sé Coimirce Shóisialach agus Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige.

Iarscríbhinn 3A Olltoradh airgeadais ar an vóta

Cuireann Dáil Éireann airgead ar fáil do ghnáthsheirbhísí ranna agus oifigí rialtais trí mheastacháin a cheadú ar na méideanna a theastaíonn do na seirbhísí sin i rith gach bliana, agus trí éifeacht reachtúil a thabhairt do na meastacháin sin san Acht Leithreasa bliantúil. Déantar foráil don chaiteachas faoi shraith ‘vótaí’. De réir an dlí, ní mór cuntas leithreasa a thabhairt ar aird do gach vóta. Ní mór don chuntas sonraí a thabhairt faoin olltoradh don bhliain i gcoinne an mhéid a chuir Dáil Éireann ar fáil.

Soláthraíonn Fíor 3A.1 achoimre ar leithreasaí do sheirbhísí poiblí in 2023, trí vóta.

Léiríonn Fíor 3A.2 conas a cuireadh leithreasaí barrachais i bhfeidhm in 2023 — trí chaiteachas a iarchuir go dtí 2024, nó trí ghéilleadh don Stáitchiste.

Léiríonn Fíor 3A.3 fáltais bhreise an Stáitchiste a taifeadadh i gcoinne gach vóta in 2023.

Tá mínithe ar chuid de na téarmaí a úsáidtear sna táblaí tugtha thíos.

Deontas soláthair	An t-airgead a dheonaigh (nó a vótáil) ag Dáil Éireann do gach ceann de na seirbhísí poiblí.
Iarchurtha ó 2022	Méid an mhaoinithe chaipitil nár caitheadh in 2022 agus a tugadh anonn le haghaidh caiteachais ar sheirbhísí caipitil in 2023. Cheadaigh Dáil Éireann na suimeanna sin a thabhairt anonn.
Leithreasaí-i-gcabhair	Fáltais Roinne a fhéadfár, le comhaontú Dáil Éireann, a choimeád chun costais na vótála lena mbaineann siad a fóc astu.
Leithreasaí iomlána	Suim an deontais soláthair, airgead caipitil 2022 iarchurtha (más ann) agus leithreasaí-i-gcabhair.
Barrachas don bhliain	An barrachas leithreasaí iomlána ag Dáil Éireann thar an ollchaiteachas mar aon le barrachas ar leithreasaí i gcabhair. Dlitear barrachas na bliana a ghéilleadh ar ais don Stáitchiste.
Géilleadh iarchurtha	Méid an mhaoinithe chaipitil nár caitheadh in 2023 agus a tugadh anonn le haghaidh caiteachais in 2024. Cheadaigh Dáil Éireann na tabhartha anonn sin.
Barrachas le géilleadh	An méid airgid a leithreasaíodh in 2023 ach nár caitheadh sa bhliain nó nár cuireadh siar go dtí 2024, agus a cheanglaítear mar sin a thabhairt suas don Stáitchiste.
Fáltais breise ón Stáitchiste	Fáltais ón Roinn nach leithreasaítear i gcabhair den vóta, ach a aistrítear chuig an Stáitchiste.

Fíor 3A.1 Achoimre ar leithreasaí do sheirbhísí poiblí in 2023, trí vóta

Vóta	Seirbhís	Méid leithreasaithe				Olltoradh			Barrachas/easnamh		
		Deontais soláthair	Iarchurtha ó 2022	Leithreasaí-i-gcabhair	Iomlán	Ollchaiteachas	Leithreasaí-i-gcabhair	Glanchaiteachas	Oilbharrachas	Barrachas/(easnamh) ar fháltais	Glanbharrachas don bhliain ^a
		€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
1	Foras an Uachtaráin	5,091	—	83	5,174	4,323	124	4,199	851	41	892
2	Roinn an Taoisigh	38,746	—	789	39,535	34,626	736	33,890	4,909	(53)	4,856
3	Oifig an Ard-Aighne	26,836	—	705	27,541	20,278	668	19,610	7,263	(37)	7,226
4	An Phríomh Oifig Staidrimh	72,452	—	1,640	74,092	73,765	2,029	71,736	327	389	716
5	Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí	59,818	—	760	60,578	59,445	899	58,546	1,133	139	1,272
6	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	49,498	—	891	50,389	49,485	1,336	48,149	904	445	1,349
7	Oifig an Aire Airgeadais	46,405	100	910	47,415	41,086	911	40,175	6,329	1	6,330
8	Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	10,540	—	6,686	17,226	16,640	7,734	8,906	586	1,048	1,634
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncam	526,204		61,155	587,359	585,127	62,468	522,659	2,233	1,313	3,546
10	An Coimisiún um Achomhairc Chánach	3,621	—	84	3,705	2,987	54	2,933	718	(30)	688
11	Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe	51,298	—	3,025	54,323	50,004	3,307	46,697	4,319	282	4,601

Vóta	Seirbhís	Méid leithreasaithe				Olltoradh			Barrachas/easnamh		
		Deontais soláthair	Iarchurtha ó 2022	Leithreasáí-i-gcabhair	Iomlán	Ollchaiteachas	Leithreasáí-i-gcabhair	Glanchaiteachas	Oibharrachas	Barrachas/(easnamh) ar fháltais	Glanbharrachas don bhliain ^a
		€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
12	Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor	306,766	—	520,855	827,621	814,193	618,249	195,944	13,428	97,394	110,822
13	Oifig na nOibreacha Poiblí	619,904	27,000	21,706	668,610	657,553	27,257	630,296	11,058	5,551	16,609
14	An tSaotharlann Stáit	12,124	—	1,260	13,384	13,265	1,404	11,861	119	144	263
15	Rúnseirbhís	2,000	—	—	2,000	1,407	—	1,407	593	—	593
16	Tailte Éireann	84,104	590	1,820	86,514	77,068	1,688	75,380	9,446	(132)	9,314
17	An tSeirbhís Um Cheapacháin Phoiblí	21,299	—	306	21,605	21,084	413	20,671	521	107	628
18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	72,189	1,200	6,579	79,968	74,217	6,938	67,279	5,751	359	6,110
19	Oifig an Ombudsman	13,421	—	476	13,897	12,728	523	12,205	1,169	47	1,216
20	An Garda Síochána	2,193,947	—	130,388	2,324,335	2,303,541	134,867	2,168,674	20,794	4,479	25,273
21	Príosúin	430,274	3,205	11,586	445,065	443,783	11,653	432,130	1,282	67	1,349
22	An tSeirbhís Chúirteanna	144,961	1,850	36,713	183,524	183,500	38,148	145,352	24	1,435	1,459
23	An Coimisiún Toghcháin	5,681	—	53	5,734	3,059	56	3,003	2,674	3	2,677
24	Ceartas	452,723	—	117,094	569,817	551,161	129,913	421,248	18,657	12,819	31,476
25	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	8,299	—	120	8,419	8,386	118	8,268	33	(2)	31

Vóta	Seirbhís	Méid leithreasaithe				Olltoradh			Barrachas/easnamh		
		Deontais soláthair	Iarchurtha ó 2022	Leithreasáí-i-gcabhair	Iomlán	Ollchaiteachas	Leithreasáí-i-gcabhair	Glanchaiteachas	Oibharrachas	Barrachas/(easnamh) ar fháltais	Glanbharrachas don bhliain ^a
		€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
26	Oideachas	10,470,276	—	404,118	10,874,394	10,808,822	408,779	10,400,043	65,572	4,661	70,233
27	Comhoibriú Idirnáisiúnta	740,486	—	1,030	741,516	738,521	1,578	736,943	2,995	548	3,543
28	Gnóthaí Eachtracha	321,628	2,250	72,000	395,878	390,773	74,706	316,067	5,105	2,706	7,811
29	Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid	1,994,051	—	10,615	2,004,666	1,967,772	17,762	1,950,010	36,894	7,147	44,041
30	Talmhaíocht, Bia agus Cúrsaí Mara	2,024,405	27,500	231,010	2,282,915	2,117,442	245,394	1,872,048	165,473	14,384	179,857
31	Iompar	3,572,282	137,956	25,455	3,735,693	3,564,612	22,801	3,541,811	171,081	(2,654)	168,427
32	Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht	1,549,493	54,500	71,921	1,675,914	1,065,773	78,631	987,142	610,141	6,710	616,851
33	Turasóireacht, Cultúr, Ealaíon, Gaeltacht, Spórt agus Meán	928,666	20,000	252,843	1,201,509	1,110,436	218,153	892,283	91,073	(34,690)	56,383
34	Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht	6,400,741	340,000	67,924	6,808,665	6,663,133	77,646	6,585,487	145,532	9,722	155,254
35	Pinsin Airm	289,375	—	5,000	294,375	290,961	4,996	285,965	3,414	(4)	3,410
36	Cosaint	890,455	—	24,907	915,362	906,394	34,027	872,367	8,968	9,120	18,088
37	Coimirce Sóisialaí	12,600,766	1,390	307,034	12,909,190	12,799,470	311,795	12,487,675	109,720	4,761	114,481
38	Sláinte	21,954,423	—	438,371	22,392,794	22,319,348	446,374	21,872,974	73,447	8,003	81,450

Vóta	Seirbhís	Méid leithreasaithe				Olltoradh			Barrachas/easnamh		
		Deontais soláthair	Iarchurtha ó 2022	Leithreasáí-i-gcabhair	Iomlán	Ollchaiteachas	Leithreasáí-i-gcabhair	Glanchaiteachas	Oibharrachas	Barrachas/(easnamh) ar fháltais	Glanbharrachas don bhliain ^a
		€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
39	An Oifig um Sholáthar Rialtais	21,718	35	525	22,278	18,786	538	18,248	3,492	13	3,505
40	Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige	7,152,544	—	31,959	7,184,503	7,144,998	31,205	7,113,793	39,505	(754)	38,751
41	An tÚdarás Póilíneachta	4,143	—	70	4,213	3,389	89	3300	825	19	844
42	Forbairt Tuaithe agus Pobail	395,081	14,500	44,900	454,481	431,893	52,136	379,757	22,588	7,236	29,824
43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	45,189	—	197	45,386	44,534	298	44,236	852	101	953
44	An Coimisiún um Chosaint Sonraí	26,622	—	285	26,907	17,832	259	17,573	9,075	(26)	9,049
45	Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht	3,221,397	55,169	90,746	3,367,312	3,322,340	95,944	3,226,396	44,972	5,198	50,170
Iomlán		79,861,942	687,245	3,006,594	83,555,781	81,829,940	3,174,604	78,655,336	1,725,845	168,010	1,893,855

Foinse: Cuntais Leithreasa 2023. Tá aon difríochtaí dealraitheacha mar gheall ar shlánú.

Nóta: a Tá an glanbharrachas comhdhéanta de bharrachas leithreasáí iomlána Dála Éireann thar an ollchaiteachas mar aon leis an mbarrachas (easnamh) ar leithreasáí i gcabhair.

Fíor 3A.2 Leithreasaí barrachais 2023 a chur i bhfeidhm, trí vóta

Vóta	Seirbhís	Barrachas don bhliain	Géilleadh iarchurtha (go dtí 2024)	Barrachas le haghaidh géilleadh	Géilleadh barrachas % den leithreasú iomlán
		€000	€000	€000	
1	Foras an Uachtaráin	892	—	892	17%
2	Roinn an Taoisigh	4,856	—	4,856	12%
3	Oifig an Ard-Aighne	7,226	—	7,226	26%
4	An Phríomh Oifig Staidrimh	716	—	716	1%
5	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	1,272	—	1,272	2%
6	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	1,349	—	1,349	3%
7	Oifig an Aire Airgeadais	6,330	110	6,220	13%
8	Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	1,634	—	1,634	9%
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncam	3,546	—	3,546	1%
10	An Coimisiún um Achomhairc Chánach	688	—	688	19%
11	Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe	4,601	—	4,601	8%
12	Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor	110,822	—	110,822	13%
13	Oifig na nOibreacha Poiblí	16,609	—	16,609	2%
14	An tSaotharlann Stáit	263	—	263	2%
15	Rúnseirbhís	593	—	593	30%
16	Tailte Éireann	9,314	—	9,314	11%
17	An tSeirbhís Um Cheapacháin Phoiblí	628	—	628	3%
18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	6,110	1,200	4,910	6%
19	Oifig an Ombudsman	1,216	—	1,216	9%
20	An Garda Síochána	25,273	15,000	10,273	0%
21	Príosúin	1,349	—	1,349	0%
22	An tSeirbhís Chúirteanna	1,459	—	1,459	1%
23	An Coimisiún Toghcháin	2,677	—	2,677	47%
24	Ceartas	31,476	1,400	30,076	4%
25	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	31	—	31	0%
26	Oideachas	70,233	—	70,233	1%
27	Comhoibriú Idirnáisiúnta	3,543	—	3,543	0%
28	Gnóthaí Eachtracha	7,811	—	7,811	2%
29	Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid	44,041	1,800	42,241	2%
30	Talmhaíocht, Bia agus Cúrsaí Mara	179,857	45,600	134,257	6%

Vóta	Seirbhís	Barrachas don bhliain	Géilleadh iarchurtha (go dtí 2024)	Barrachas le haghaidh géilleadh	Géilleadh barrachas % den leithreasú iomlán
		€000	€000	€000	
31	Iompar	168,427	140,920	27,507	1%
32	Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht	616,851	20,000	596,851	36%
33	Turasóireacht, Cultúr, Ealaíon, Gaeltacht, Spórt agus Meán	56,383	21,480	34,903	3%
34	Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht	155,254	141,000	14,254	0%
35	Pinsin Airm	3,410	—	3,410	1%
36	Cosaint	18,088	—	18,088	2%
37	Coimirce Sóisialaí	114,481	—	114,481	1%
38	Sláinte	81,450	70,000	11,450	0%
39	An Oifig um Sholáthar Rialtais	3,505	115	3,390	15%
40	Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige	38,751	—	38,751	1%
41	An tÚdarás Póilíneachta	844	—	844	20%
42	Forbairt Tuaithe agus Pobail	29,824	20,000	9,824	2%
43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	953	—	953	2%
44	An Coimisiún um Chosaint Sonraí	9,049	—	9,049	34%
45	Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht	50,170	40,091	10,079	0%
Iomlán		1,893,855	518,716	1,375,139	2%

Foinse: Cuntais Leithreasa 2023. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

Fíor 3A.3 Státchiste ‘fáltais breise’ 2023, trí vóta

Vóta	Seirbhís	Fáltais réadaithe
		€000
1	Foras an Uachtaráin	—
2	Roinn an Taoisigh	91
3	Oifig an Ard-Aighne	—
4	An Phríomh Oifig Staidrimh	—
5	Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	1,221
6	Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	1
7	Oifig an Aire Airgeadais	11,976
8	Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	—
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncam	1,398
10	An Coimisiún um Achomhairc Chánach	—
11	Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadadh Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe	21
12	Aoisiúntas agus Liúntais ar Scor	—
13	Oifig na nOibreacha Poiblí	—
14	An tSaotharlann Stáit	—
15	Rúnseirbhís	—
16	Tailte Éireann	91,207
17	An tSeirbhís Um Cheapacháin Phoiblí	—
18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	—
19	Oifig an Ombudsman	—
20	An Garda Síochána	18,750
21	Príosúin	—
22	An tSeirbhís Chúirteanna	8,146
23	An Coimisiún Toghcháin	—
24	Ceartas	37
25	Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas	—
26	Oideachas	—
27	Comhoibriú Idirnáisiúnta	—
28	Gnóthaí Eachtracha	—
29	Comhshaol, Aeráid agus Cumarsáid	189,040
30	Talmhaíocht, Bia agus Cúrsaí Mara	—

Vóta	Seirbhís	Fáltais réadaithe €000
31	Iompar	22,849
32	Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht	34,126
33	Turasóireacht, Cultúr, Ealaíon, Gaeltacht, Spórt agus Meán	13,399
34	Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht	14,566
35	Pinsin Airm	—
36	Cosaint	—
37	Coimirce Sóisialaí	10
38	Sláinte	37
39	An Oifig um Sholáthar Rialtais	—
40	Leanaí, Comhionannas, Míchumas, Lánpháirtíocht agus Óige	7,592
41	An tÚdarás Póilíneachta	—
42	Forbairt Tuaithe agus Pobail	8,101
43	Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais	—
44	An Coimisiún um Chosaint Sonraí	815
45	Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht	521
Iomlán		423,904

Foinse: Cuntais Leithreasa 2023. Anailís ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.